# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**11 Lúnasa 2022** || Eagrán 109

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**







# MO MHÁLA LEABHARLAINNE BEAG

Tá scéim álainn á reáchtáil ag leabharlanna ar fuid na hÉireann faoi láthair, áit gur féidir le gasúir a bheas ag freastal ar scoil don chéad uair i mí Meán Fómhair, Mála Leabharlainne Beag a bhailiú ón leabharlann áitiúil, lán le féiríní deasa! Sa mhála tá trí leabhar bunaithe ar théamaí éagsúla; ag tosú ar scoil, ag déanamh cairde nua agus cúnamh agus treoir maidir le bheith compordach agus muiníneach ionat féin. Tá cárta a thugann cur síos agus léargas ar an leabharlann agus cén chaoi a oibríonn sí, cárta poist gur féidir leis na gasúir a scríobh agus a mhaisiú dá m(h)úinteoir nua agus cárta leabharlainne dá gcuid féin.

Togra álainn le na gasúir a réiteach agus a ullmhú don scoil, ar bhealach taitneamhach agus spraíúil! Is féidir mála a phiocadh suas, saor in aisce, ó do leabharlann áitiúil.






# CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhluadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.



# MO SHEAN VEAIN

Tá sé i gceist ag TG4 clár nua darbh ainm 'Mo Shean Veain' a chur le chéile go luath. Beidh an clár bunaithe ar dhaoine agus athchóiriú á dhéanamh acu ar shean veaineanna len' iad a réiteach mar spásanna cónaithe. Má tá togra cosúil le seo idir lámha agat féin faoi láthair, nó má tá aithne agat ar éinne a bheadh suim acu páirt a ghlacadh sa chlár, is féidir teagmháil a dhéanamh
le James ag jamesptculhane@gmail.com



# SORCAS GERBOLA AG TEACHT GO CONAMARA

**Beidh Sorcas Gerbola, trí Ghaeilge, ar siúl ar An Tulach ón Máirt 16ú - Domhnach 21ú Lúnasa. Trí Ghaeilge a bheas máistreás an shorcais á threorú agus beidh ceoltóirí áitiúla páirteach sa leagan speisialta seo den shorcas freisin. Chomh maith le sin, beidh ceolchoirm speisialta le KÍLA agus ceoltóirí áitiúla ar siúl sa bpobal mór théis an sorcas ar an Aoine 19ú @ 8:30i.n. Agus beidh Oíche Ghrinn do dhaoine fásta ar siúl ann théis an sorcas ar an Satharn 20ú @ 8i.n. Is féidir ticéid a fháil ar líne ag www.circusgerbola.ie**

**Nó má tá níos mó eolais ag teastáil uait faoin sorcas is féidir teagmháil a dhéanamh le Gerbola ag 086 370 0620**







SORCAS
GERBOLA
Fíbín
the arts council chomhairle ealaíon
funding circus
PSYCHO
777
COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga
An Tulach (Faiche Fhíbín)
Dé Máirt 16 Lúnasa: 19.30
Dé Céadaoin 17 Lúnasa: 19.30
Déardaoin 18 Lúnasa: 16.30 agus 19.30
Dé hAoine 19 Lúnasa: 13.30 agus 16.30
Dé Sathairn 20 Lúnasa: 13.30 agus 16.30
Dé Domhnaigh 21 Lúnasa: 13.30 agus 16.30
WWW.CIRCUSGERBOLA.IE

# BUA NA HAMHRÁNAÍOCHTA I GCOIS FHARRAIGE

**Tá go leor ainmneacha as Cois Fharraige ar Chorn Chlann tSuibhne don Amhránaíocht faoi 18: Róisín Elsafty, Orla Ní Fhinneadha, Ann Marie Ní Fhátharta agus Caitríona Ní Churraoin ina measc. Tá ainm eile anois le cur ar an gcorn mar gurb í Damhnait Ní Fhátharta as na hAille in Indreabhán a chroch léi an chéad áit sa gcomórtas amhránaíochta ar an sean-nós faoi 18 ag Fleadh Cheoil na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo caite. Ní hí seo an chéad uair di cupán a ghnóthú ag an bhFleadh Cheoil mar go bhfuil an comórtas sean-nóis buaite faoi dhó cheana aici. Tá an comórtas sean-nóis buaite trí huaire freisin aici ag Oireachtas na Samhna! Agus í ag fás aníos, d'fhreastail Damhnait ar ranganna an Ghaelacadaimh le Máire Pheitir Uí Dhroighneáin, bean a stiúir go leor amhránaithe ó Chois Fharraige i dtreo na mórdhuaiseanna amhránaíochta anuas trí na blianta, agus tá sí fós ag casadh léi. Dar ndóigh, tá Cois Fharraige ar maos le ceoltóirí agus amhránaithe óga agus d'éirigh le ceoltóir óg eile ón gceantar dul chomh fada le Craobh na hÉireann, sin í Déithín Ní Fhátharta, deirfiúr Dhamhnait. Is ag casadh ag an gcomórtas pianó a bhí Déithín agus cé nach raibh an lá léi, rinne sí an-ionadaíocht ar Chois Fharraige! Is baill iad na Fáthartaigh óga de Cheoltóirí Óga Chois Fharraige agus cé go raibh cúpla drochbhliain ag an dream óg agus iad faoi bhac ag an bpaindéim, tá siad ag teacht arís chucu féin agus súil acu teacht le chéile níos minice nuair a thosóidh an scoilbhliain arís.**

# DEALBH UÍ CHADHAIN

Tháinig an bháisteach agus an ghaoth tráth ar nochtadh dealbh Mháirtín Uí Chadhain sa Spidéal ar an 23 Iúil agus cé go raibh slua breá i láthair bhí roinnt daoine nár éirigh leo freastal ar an ócáid. Tá físeán, a réitigh Mícheál Mac Lochlainn, d'imeachtaí iomlána na hócáide ar fáil anois ag www.máirtínócadhain.ie. An-ócáid a bhí ann, tráth ar thug Dónall Ó Braonáin aitheasc fíor-spéisiúil faoin gCadhanach. Caitlín Ní Chualáin a bhí ina bean an tí, agus tá gach ar dhúirt sise mar aon le cainteanna Chian Uí Éigeartaigh, Mháirtín Uí Chadhain, Dhearbhaill Standún agus ceol Bhanna Céilí Loch Lurgan, agus ceol ó Dhearbhaill le cloisteáil freisin.

# TIONCHAR AN CHOGAIDH CHATHARTHA AR CHONAMARA

Le tús a chur le Seachtain Oidhreachta 2022, tá imeacht speisialta agus thar a bheith suimiúil á reáchtáil, áit a bheas Seosamh Ó Cuaig ag caint faoin stair agus an tionchar a bhí ag an gCogadh Cathartha ar Chonamara. Beidh an ócáid ar siúl ar an Déardaoin 18ú Lúnasa 2022 ag 7i.n. in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh. Níl aon táille i gceist le freastal ar an ócáid agus beidh sólaistí ar fáil ar an oíche. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Cultúrtha ag 091-574292 nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chucu ag icpconamara@opw.ie

# TAISPEANTAS CHOIS FHARRAIGE 2022

Ní fada anois go mbeidh Taispeántas Chois Fharraige 2022 faoi lán tseoil. Tá go leor socrúchán idir lámha faoi láthair le go mbeidh taispeántas den chéad scoth réitithe don Domhnach, 4ú Meán Fómhair. Is iomaí comórtas iontach a bheas ar siúl mar chuid den thaispeántas, idir capaillíní, caoirigh, madraí, ealaín agus grianghrafadóireacht. Le foirm iarratais a fháil, ní mór teagmháil a dhéanamh le tcfteo@gmail.com nó is féidir teagmháil a dhéanamh le 087 672 3759 maidir le foirm iarratais a sheoladh sa bpost. Glacfar le hiarratais suas go dtí 28ú Lúnasa 2022.

# FOLÚNTAS AG COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá Comhar Naíonraí na Gaeltacha ag glacadh le hiarratais anois do phost mar Chúntóir Airgeadais agus Párolla. Beidh an té a éiríonn leo freagrach as an gcomhordú agus obair riaracháin uilig a bhaineann le cúrsaí párolla na heagraíochta. Beidh cáilíocht tríú leibhéal sa réimse airgeadais cabhrach don phost agus tá sé riachtanach go mbeadh taithí párolla agus airgeadais ag iarrthóirí. Post lánaimseartha atá i gceist agus beidh an té a cheapfar lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bpost ach cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín na heagraíochta ag www.cnng.ie Le cur isteach ar an bpost, is féidir litir iarratais, chomh maith le do CV a sheoladh ar ríomhphost amháin chuig eolas@cnng.ie Moltar sonraí teagmhála do bheirt mholtóirí a chur ar fáil le d'iarratas. Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé hAoine 19ú Lúnasa.

# NOCHTADH CLÚDAIGH Ó BARZAZ

D'fhoilsigh Barzaz nochtadh clúdaigh le gairid, don leabhar nua 'Na Ríthe Beaga', a bheas ar fáil níos déanaí i mbliana. 'Sé 'Na Ríthe Beaga' an tríú leabhar atá foilsithe anois ag an inprhionta Barzaz. Aistriúchán ón bhFraincis atá sa leabhar seo, d'úrscéal ó pheann Delphine de Vigan, curtha i nGaeilge ag Máirín Nic Con Iomaire. Pléann de Vigan an cheist mhór maidir le cumhacht agus contúirt na meáin shóisialta san úrscéal. Caitheann sí súil ghéar, ghrinn ar shochaí ina bhfuil gach uile rud le ceannach agus le díol, sochaí atá níos tógtha le cuma an tsonais ná mar atá sí leis an sonas féin. Beidh an leabhar ar fáil i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin leabhar nua ach súil a choinneáil ar chuntas Facebook Barzaz.

Tugadh tacaíocht don togra seo ó Fhoras na Gaeilge agus ón gComhairle Ealaíon.

